RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1704 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú breise a dhéanamh ar mhionsonraí na faisnéise staitistiúla atá le cur ar fáil ag údaráis chánach agus chustaim agus lena leasaítear Iarscríbhinní V agus VI

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, chun críoch staidrimh, sonraítear an fhaisnéis a bhaineann le honnmhairí agus allmhaireoirí earraí a chuirfidh na húdaráis chánach agus na húdaráis chustaim ar fáil i ngach Ballstát do na húdaráis inniúla staidrimh náisiúnta (NSAnna).

(2) Ba cheart sonrú breise a dhéanamh ar mhionsonraí na faisnéise staidrimh a bhaineann le honnmhairí agus allmhairí earraí, atá le cur ar fáil ag na húdaráis chustaim i ngach Ballstát do na NSAanna inniúla, agus a áirítear in Iarscríbhínní V agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152.

(3) Is gá Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú.chun a áirithiú go bhfuil faisnéis maidir le ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal san fhaisnéis a chuireann údaráis chánach ar fáil do NSAanna chun críoch staidrimh.

(4) Is gá Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú chun a áirithiú go mbeidh feidhm freisin ag an oibleagáid atá ar údaráis chustaim sonraí dearbhuithe custaim a chur ar fáil do NSAanna sa Bhallstát ina bhfuil na hearraí le fáil faoin imréiteach láraithe, de bhun Airteagal 179 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), i gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát amháin i gceist.

(5) Is gá freisin Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú chun a áirithiú gur féidir le NSAnna faisnéis a fháil óna n-údaráis chustaim féin maidir le simplithe custaim a chuirtear i bhfeidhm agus maidir leis na hoibreoirí trádála atá rannpháirteach.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Déantar sonrú breise sa Rialachán Tarmligthe seo ar mhionsonraí na faisnéise staidrimh a bhaineann le honnmhairí agus allmhairí earraí atá le cur ar fáil ag na húdaráis chánach agus chustaim do na NSAanna inniúla i ngach Ballstát.

([1]) IO L 327, 17.12.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Airteagal 2

Faisnéis ó thuairisceáin CBL

Na tuairisceáin CBL maidir le daoine inchánach nó daoine dlíthiúla neamh-inchánach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, beidh an méid seo a leanas iontu ar a laghad:

(a) ainm iomlán an duine inchánach nó an duine dhlítheanaigh neamh-inchánach;

(b) an seoladh iomlán, cód poist san áireamh;

(c) an uimhir aitheantais a leithdháileadh ar an duine i gcomhréir le hAirteagal 214 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([3]);

(d) le haghaidh gach duine inchánach nó duine dlítheanach neamh-inchánach:

(i) an méid soláthairtí agus fálacha earraí inchánach laistigh den Aontas a bhailítear ó thuairisceáin CBL i gcomhréir le hAirteagal 251(a) agus (c) de Threoir 2006/112/CE;

(ii) an tréimhse chánach.

Airteagal 3

Faisnéis ó ráitis achomair

1. An fhaisnéis faoi sholáthairtí laistigh den Aontas a bhailítear ó na ráitis achomair CBL, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis sin:

(a) an tréimhse chánach;

(b) uimhir aitheantais CBL gach soláthróra náisiúnta;

(c) uimhir aitheantais CBL fhaighteoir an Bhallstáit chomhpháirtíochta;

(d) an méid inchánach idir gach soláthróir náisiúnta agus gach faighteoir Ballstáit chomhpháirtíochta;

(e) sainaithint soláthairtí a bheidh ann ina dhiaidh sin.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis faoi fhálacha laistigh den Aontas a chuireann gach Ballstát eile i dteachtaireacht, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152:

(a) an tréimhse chánach;

(b) uimhir aitheantais CBL gach faighteora náisiúnta;

(c) an méid iomlán inchánach de réir an fhaighteora náisiúnta arna chomhiomlánú ag an mBallstát comhpháirtíochta.

Airteagal 4

Faisnéis a bhaineann le dearbhuithe custaim

Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 aon fhaisnéis a iarrfaidh an NSA chun staidreamh Eorpach i ndáil le trádáil idirnáisiúnta in earraí a tháirgeadh, agus áireofar inti ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Leasú ar Rialachán (AE) 2019/2152

Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152.

([3]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

1. **Faisnéis ghinearálta**
1.1 An cineál dearbhaithe atá ann
1.2 An cineál dearbhaithe bhreise atá ann
1.3 Nós imeachta
1.4 Nós (nósanna) imeachta breise
1.5 Dáta glactha an dearbhaithe chustaim
2. **Údaruithe**
2.1 I gcás Imréiteach Láraithe ina bhfuil níos mó ná Ballstát amháin i gceist: uimhir an údaraithe le haghaidh Imréiteach Láraithe
3. **Páirtithe**
3.1 Uimhir aitheantais an onnmhaireora
3.2 Uimhir aitheantais an allmhaireora
3.3 Uimhir aitheantais an cheannaitheora
3.4 Uimhir aitheantais an choinsíní ([1])
4. **Faisnéis luachála/Cánacha**
4.1 Airgeadra an tsonraisc
4.2 Fabhar (cóir fhabhrach arna cur i bhfeidhm ag lucht custaim)
5. **Tíortha**
5.1 Cód na tíre cinn scríbe
5.2 Tír an tseolta/cód an onnmhairithe
5.3 Cód na tíre tionscnaimh
5.4 Cód thír an tionscnaimh fhabhraigh
5.5 I gcás Imréiteach Láraithe: cód oifig chustaim an tíolactha nó cód an Bhallstáit ina dtíolactar na hearraí do lucht custaim
6. **Sainaithint earraí**
6.1 Glanmhais (kg)
6.2 Aonaid fhorlíontacha
6.3 Cód an tráchtearra – Cód na hainmníochta comhcheangailte
6.4 Cód an tráchtearra – Cód TARIC
6.5 Cód tráchtearra HS6, i gcás nach bhfuil TARIC ná Ainmníocht Chomhcheangailte ar fáil
7. **Faisnéis faoi chúrsaí iompair**
7.1 Coimeádán
7.2 Modh iompair ag an teorainn
7.3 Modh iompair intíre

8. **Sonraí staidrimh**

8.1 An cineál idirbhirt atá ann

8.2 Luach staitisticiúil

([1]) Ní thagann seo i gceist ach amháin i gcás na gceanglas custaim atá faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha lena mbaineann ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 (IO L 69, 15.3.2016, lch. 1).

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN V

Faisnéis atá le cur ar fáil ag na húdaráis chánach atá freagrach i ngach Ballstát faoin Údarás Staidrimh Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 5(2):

(a) faisnéis ó thuairisceáin CBL maidir le daoine inchánach nó daoine dlíthiúla neamh-inchánach a d'fhógair soláthairtí i leith na tréimhse atá i gceist, soláthairtí earraí laistigh den Aontas i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 251 de Threoir 2006/112/CE nó faisnéis maidir le hearraí a fháil laistigh den Aontas i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 251 den Treoir sin;

(b) faisnéis ó ráitis achomair maidir le soláthairtí laistigh den Aontas a bhailítear ó na ráitis achomair CBL i gcomhréir le hAirteagail 264 agus 265 de Threoir 2006/112/CE;

(c) faisnéis maidir le hearraí a fhaightear laistigh den Aontas a chuireann gach Ballstát eile i dteachtaireacht i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle [1];

(d) faisnéis ó thuairisceáin CBL maidir le daoine inchánach nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát tomhaltais a úsáideann an scéim speisialta, dá bhforáiltear i Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal XII de Threoir 2006/112/CE, a d'fhógair soláthairtí i leith na tréimhse atá i gceist, soláthairtí earraí faoin scéim sin i gcomhréir le hAirteagal 369g den Treoir sin;

(e) faisnéis faoi sholáthairtí earraí a bhaineann leis an scéim speisialta, dá bhforáiltear i Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal XII de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle, a chuireann gach Ballstát eile i dteachtaireacht i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

IARSCRÍBHINN VI

Faisnéis atá le cur ar fáil ag na húdaráis chustaim atá freagrach faoin Údarás Staidrimh Náisiúnta, i ngach aon Bhallstát, dá dtagraítear in Airteagal 5(3):

(a) faisnéis lena sainaithnítear an duine a dhéanann earraí a onnmhairiú agus a allmhairiú laistigh den Aontas, earraí a chumhdaítear le nós imeachta custaim próiseála isteach;

(b) sonraí clárúcháin agus sainaitheanta na n-oibreoirí eacnamaíocha dá bhforáiltear faoi fhorálacha custaim an Aontais atá ar fáil sa chóras leictreonach a bhaineann le huimhir EORI dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([1]);

(c) na taifid ar allmhairithe agus onnmhairithe ó dhearbhuithe custaim a glacadh nó a bhí faoi réir cinntí ó údaráis náisiúnta custaim agus:

(i) a taisceadh leo; nó

(ii) an dearbhú forlíontach atá ag gabháil leo is dearbhú é atá ar fáil trí rochtain dhíreach leictreonach ar chóras an tsealbhóra údaraithe, i gcomhréir le hAirteagal 225 de Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/2447; nó

(iii) a fuair siad a bhuí le cur i bhfeidhm Airteagal 179 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(d) faisnéis maidir le nósanna imeachta feidhmithe, simplithe nó údaruithe a dheonaítear d'oibreoirí trádála, agus faisnéis lena sainaithnítear na hoibreoirí trádála sin."

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).